**RABHADH**
**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar seo.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 8 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 11.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG cheist laistigh**

- Ceist 1 *ar na leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar na leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó (B)
- Ceist 3 *ar na leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)
- Ceist 4 *ar na leathanaigh 14 agus 15*
  Freagair na codanna (A) agus (B)
- Ceist 5 *ar leathanach 16*
  Déan deimhin de ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

**Ceist 1**
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA** **(12 mharc)**

**Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Is í an chathair is mó in Éirinn ná:

(a) Gaillimh ☐ (b) Béal Feirste ☐
(c) Baile Átha Cliath ☑ (d) Port Láirge ☐ (1)

***1.*** Tomhaistear airde os cionn leibhéal na farraige:

(a) i gcéimeanna ☐ (b) i gcileagraim ☐
(c) i méadair ☐ (d) i milleabair ☐ (1)

***2.*** Is é a chuirtear in iúl le compás ná:

(a) fad ☐ (b) solas gréine ☐
(c) fliuchras ☐ (d) treo ☐ (1)

***3.*** Faightear foirgnimh a dtugtar 'cloigthithe' orthu:

(a) i mainistir ☐ (b) i mbaile Lochlannach ☐
(c) ar fheirm ☐ (d) i gcalafort ☐ (1)

***4.*** De ghnáth, is é a bhíonn le fáil in 'eastát tionsclaíoch' ná mórán:

(a) tithe ☐ (b) clubanna sláinte ☐
(c) feirmeacha ☐ (d) monarchana ☐ (1)

***5.*** Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, is í an tsiombail do stáisiún traenach ná:

(a) spota dearg ar líne dhubh ☐ (b) ciorcal le cearnóg timpeall air ☐
(c) réalta ghorm ☐ (d) an litir mhór 'H' ☐ (1)

***6.*** Is í bratach an Aontais Eorpaigh ná:

(a) Gorm le 'EU' scríofa uirthi ☐ (b) gorm le ciorcal de réaltaí órga ☐
(c) dearg, bán agus gorm ☐ (d) gorm agus bán ☐ (1)

***7.*** Tháinig na Lochlannaigh go hÉirinn:

(a) ar bhád ☐ (b) de shiúl na gos ☐
(c) ar chapall agus cairt ☐ (d) ar thraein ☐ (1)

*8.* Is ionaid iad bainc, comhair chreidmheasa agus oifigí poist:

(a) d'airgeadas ☐ (b) d'oideachas ☐

(c) do chaitheamh aimsire ☐ (d) do thaighde ☐ (1)

*9.*

Cinntíonn sé
**margadh níos fearr**
do tháirgeoirí ón
Tríú Domhan

Is é seo an lógó atá ag grúpa ar a dtugtar:

(a) UNICEF ☐ (b) Cumann na Croise Deirge ☐

(c) FairTrade ☐ (d) Concern ☐ (1)

*10.* Is é a tugadh ar an uisce timpeall ar chaisleán ná:

(a) túirín ☐ (b) daingean ☐

(c) droichead tógála ☐ (d) móta ☐ (1)

*11.* Is é a tugadh ar na daoine a tháinig go hÉirinn tar éis na Lochlannaigh ná:

(a) Draoithe ☐ (b) Ceiltigh ☐

(c) Normannaigh ☐ (d) Sacsanaigh ☐ (1)

*12.* Cé acu díobh seo a leanas **NACH** cineál frasaíochta atá ann?

(a) báisteach ☐ (b) sneachta ☐

(c) gal ☐ (d) clocha sneachta ☐ (1)

*13.* D'úsáid na Ceiltigh **fulacht fiadh**:

(a) chun foscadh a thabhairt d'eallach ☐ (b) chun feoil a chócaráil ☐

(c) chun a gcuid marbh a adhlacadh ☐ (d) chun airm a ghéarú ☐ (1)

*14.* Is é is cumhacht na gréine ann ná:

(a) cumhacht ón ngaoth ☐ (b) cumhacht ó thonnta ☐

(c) cumhacht ó ola ☐ (d) cumhacht ó sholas na gréine ☐ (1)

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**
**(6 mharc)**

I gcás ceann amháin de na sibhialtachtaí thuas, scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Saighdiúir nó trodaí

**NÓ**

(b) Saol na mban ag an am sin

**NÓ**

(c) Nósanna adhlactha

**NÓ**

(d) Éadaí a chaith siad

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé fúithi ná ______________________________

(6)

## (C) CAISLEÁIN (6 mharc)

**Féach ar an bpictiúr thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.**



***Fótagraf ó pdphoto.org Cóipcheart Jon Sullivan***

***1.*** Ainmnigh **DHÁ** ábhar a úsáideadh chun an caisleán seo a thógáil.

_______________________ agus _______________________ (2)

***2.*** Déan cur síos ar **DHÁ** ghné chosanta a d'fhágfadh go mbeadh sé deacair an caisleán seo a ionsaí.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ (4)

# CEIST 2

**24 marc**

**Freagair cuid (A) nó cuid (B).**

**(A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS** **(24 marc)**

Léigh an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann é.

Suirbhé a rinneadh sa bhliain 1619

...... laistigh de chontaetha Ard Mhacha, Thír Eoghain, Dhún na nGall, Fhear Manach, an Chabháin agus Londain-Dhoire tá an méid seo a leanas tógtha anois

107 caisleán le bábhúin

19 gcaisleán gan bábhúin

42 bábhún gan caisleáin ná tithe

1897 teach cloiche nó adhmaid......

Nicholas Pynnar

***1.*** Cé a rinne an suirbhé seo? ____________________ (1)

***2.*** Cathain a rinneadh an suirbhé? ____________________ (1)

***3.*** Cá mhéad contae atá ainmnithe sa suirbhé?

____________________ (2)

***4.*** Cén phlandáil a dtagraíonn an suirbhé di?

____________________ (2)

***5.*** Cén **DÁ** chineál caisleáin a luaitear sa suirbhé?

1. ____________________

2. ____________________ (2)

***6.*** Cá mhéad caisleán a bhí tógtha faoin mbliain 1619?

____________________ (2)

*7.* Tabhair fáth **amháin** ar thóg na plandóirí an oiread sin caisleán.

(2)

*8.* Mínigh **DHÁ CHEANN** de na téarmaí seo a leanas:

Gealltóir

Bábhún

Seirbheoir

(4)

*9.* Scríobh alt faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Na fáthanna a raibh an rí Sasanach ag iarraidh Cúige Uladh a phlandáil;
(b) Na fáthanna a raibh plandóirí Albanacha ag iarraidh lonnú in Éirinn;
(c) Tionchair Phlandáil Uladh;
(d) Mothúcháin Éireannaigh a cuireadh amach as a chuid talún le linn plandála.

(8)

**NÓ**


**(B) AN BHRASAÍL SA FICHIÚ hAOIS** **(24 marc)**

**Féach ar an eolas agus ar na pictiúir thíos agus freagair na ceisteanna a leanann iad.**

**Tá mórán foraoisí báistí sa domhan, a bhformhór i dtíortha bochta.**
**Is daoine atá mar phríomhchúis le scrios foraoisí báistí.**
**Táimid ag leagan foraoisí báistí ar mhórán cúiseanna, lena n-áirítear:**

- **adhmad d'earraí adhmaid agus chun tinte a dhéanamh;**
- **talmhaíocht d'fheirmeacha, idir bheag agus mhór;**
- **talamh d'fheirmeoirí bochta nach bhfuil aon áit chónaithe eile acu;**
- **talamh féaraigh d'eallach;**
- **laíon chun páipéar a dhéanamh;**
- **tógáil bóithre; agus**
- **baint mhianraí agus fuinnimh.**

**An chailliúint ab airde d'fhoraois bháistí idir 2005 agus 2010**
(ciliméadair chearnach)




**Taispeánann an graf seo an méid d'fhoraois bháistí atá á cailleadh i dtíortha éagsúla.**

***Réimsí nuaghlanta d'fhoraois bháistí.***







***Fótagraif cóipcheart Rhett A. Butler, www.mongabay.com***

***1.*** Is daoine atá mar ________________________________________ le scrios foraoisí báistí. (2)

***2.*** Cén **DÁ** thír a bhí freagrach as an dá réimse is mó d'fhoraois bháistí a cailleadh idir 2005 agus 2010?

_____________________________________ agus _________________________________________ (4)

***3.*** Tabhair **TRÍ** chúis a bhfuil foraoisí báistí á leagan.

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________ (6)

***4.*** Cén tionchar atá ag leagan fhoraois bháistí na hAmasóine ar na daoine a chónaíonn ansin?

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________ (2)

***5.*** An bhfuil aon tionchair ag leagan fhoraois bháistí na hAmasóine **TAOBH AMUIGH** den Bhrasaíl? Mínigh do fhreagra.

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________ ___ (4)

***6.*** Scríobh a bhfuil ar eolas agat faoi **FAVELAS**, ceantair na mbochtán i gcathracha na Brasaíle ina gcónaíonn mórán de dhaoine bochta na Brasaíle.

***Leideanna – sábháilteacht, soláthairtí uisce, leictreachas, oideachas, seirbhísí, coiriúlacht, pobal***

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________ (6)


**CEIST 3**

**24 marc**


**Freagair cuid (A), ansin freagair cuid (B) <u>nó</u> (C)**


## (A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH (12 mharc)






**Páistí mar oibrithe sa Réabhlóid Thionsclaíoch**



**Dálaí maireachtála i gcathracha le linn na Réabhlóide Tionsclaíche**





**Na feabhsúcháin san iompar le linn na Réabhlóide Tionsclaíche**

Agus tú ag úsáid na ngrianghraf agus na líníochtaí ar an leathanach thall chun cabhrú le do chuimhneamh, scríobh an méid agus is féidir leat faoi

**DHÁ CHEANN** díobh seo a leanas:

- Páistí mar oibrithe sa Réabhlóid Thionsclaíoch
- Dálaí maireachtála i gcathracha le linn na Réabhlóide Tionsclaíche
- Na feabhsúcháin san iompar le linn na Réabhlóide Tionsclaíche

Scríobhfaidh mé faoi ____________________

____________________ (6)

Scríobhfaidh mé faoi ____________________

____________________ (6)

**FREAGAIR CUID (B) NÓ CUID (C)**

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

**Taispeánann an grianghraf seo trinse Briotanach le linn Chath an Somme i mí Iúil 1916. Féach air agus freagair na ceisteanna thíos.**



***Ó bhailiúchán an Imperial War Museum – Lt. J. W. Brooke a thóg an fótagraf***

***1.*** Cad atá á dhéanamh ag an bhfear ar thaobh na láimhe deise ag an mbarr, dar leat?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh **DHÁ** arm nua a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (4)

***3.*** Scríobh faoi dhálaí maireachtála sna trinsí.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (6)

**NÓ**

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

***Is le caoinchead ó Tom Poederbach a úsáideadh an grianghraf***




Le linn an Dara Cogadh Domhanda, chuaigh mórán de na Giúdaigh i bhfolach san Eoraip. Bhí Anne Frank ar dhuine de na daoine seo. Chuaigh sí i bhfolach lena teaghlach i dteach in Amstardam. Fad agus a bhí sí ina cónaí ansin, choinnigh sí dialann.

Go mí-ámharach, tháinig na Naitsithe ar Anne agus a teaghlach agus seoladh chuig campaí géibhinn iad.

Bhásaigh Anne de bharr galair i mí an Mhárta nó mí Aibreáin 1945, tamall gairid sular tháinig deireadh leis an gcogadh san Eoraip. Níl aon duine baileach cinnte den dáta a bhfuair sí bás.

***1.*** Conas atá an oiread sin ar eolas againn faoi Anne Frank?

______________________________________________

______________________________________________ (3)

***2.*** Tabhair sampla **AMHÁIN** de dhlí i gcoinne na nGiúdach a chur iallach ar mhórán de na Giúdaigh dul i bhfolach.

______________________________________________

______________________________________________ (3)

***3.*** Scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Campaí Géibhinn (b) Aslonnú (c) An Fhrithbheartaíocht (d) Blitzkrieg

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (6)

# CEIST 4
**24 marc**

**Freagair an DÁ chuid – (A) agus (B).**

**AN DOMHAN FORBARTHA AGUS AN DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA**
**FREAGAIR (A) AGUS (B)**

## (A) DIFRÍOCHTAÍ IN ÉIRINN (12 mharc)

**Féach ar na fótagraif agus freagair na ceisteanna a leanann iad:**



***Fótagraf a tógadh in aice le Dúlainn, Co. an Chláir***
*Cóipcheart C. Michael Hogan*




***Fótagraf a tógadh i mBaile Phib, Baile Átha Cliath***
*Cóipcheart Eric Jones*

***1.*** Tabhair **DHÁ** dhifríocht idir na ceantair a thaispeántar sna fótagraif

1. ____________________

2. ____________________ (2)

***2.*** Tabhair **DHÁ** bhealach ina bhféadfadh daoine slí mhaireachtála a bhaint amach i gCo. an Chláir.

1. ____________________

2. ____________________ (2)

***3.*** Tabhair **DHÁ** bhealach ina bhféadfadh daoine slí mhaireachtála a bhaint amach i mBaile Átha Cliath.

1. ____________________

2. ____________________ (2)

***4.*** Mínigh an fáth a mbeadh Co an Chláir sláintiúil mar áit chónaithe.

____________________

____________________ (2)

***5.*** Tabhair **DHÁ** chúis a d'fhéadfadh a bheith ag daoine óga le bogadh ó Cho. an Chláir go Baile Átha Cliath.

1. ____________________

2. ____________________ (2)


***6.*** Tabhair **DHÁ** chúis a d'fhéadfadh a bheith ag daoine óga le bogadh ó Bhaile Átha Cliath go Co. an Chláir.


1. ____________________

2. ____________________ (2)

**(B) IMIRCE – TOSCA BRÚ/TARRAINGTHE** **(12 mharc)**

**Féach ar na pictiúir, léigh an t-eolas agus freagair na ceisteanna ar fad atá thíos.**





Bogann daoine ón áit ina gcónaíonn siad chuig áit eile ar roinnt cúiseanna.

Cuireann cúiseanna áirithe **BRÚ** ar dhaoine a seanáiteanna cónaithe a fhágáil, is **TARRAINGT** atá i gcúiseanna eile chun cónaí in áit nua.

*1.* Féach ar an liosta thíos agus scríobh síos pé acu tosca **BRÚ** nó **TARRAINGTHE** iad d'imircigh. Tá dhá cheann déanta duit.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cogadh sa bhaile | **BRÚ**_________ | Teip ar bharraí | ______________ |
| Pá níos fearr sa tír nua | ______________ | Gan aon jabanna sa seantír | ______________ |
| Scoileanna maithe | **TARRAINGT**_ | Cúram sláinte níos fearr | ______________ |
| Crith talún | ______________ | Tuile | ______________ |
| Seans maith ar jab a fháil | ______________ | Gorta | ______________ |

(8)

*2.* Nuair a thagann na himircigh chuig a dtír nua, bíonn fadhbanna acu, uaireanta.
Tabhair **DHÁ** shampla de na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith acu.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (4)

# CEIST 5

**24 marc**

**Bí cinnte go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú an cheist seo.**

Scrúdaigh an léarscáil 1 : 50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an t-aerfótagraf a thagann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf Daingean Uí Chúis agus an ceantar ina thimpeall.

***1.*** Ainmnigh **DHÁ** loch a thaispeántar ar an léarscáil.

__________________________________ agus ____________________________________ (4)

***2.*** Ó bheith ag féachaint ar an léarscáil, marcáil na ráitis seo **FÍOR** nó **BRÉAGACH** de réir mar is cuí.

a. Tá aerfort sa Daingean FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

b. Tá stáisiún traenach sa Daingean FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

c. Tá oifig turasóireachta sa Daingean FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

d. Tá oifig an phoist sa Daingean FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (4)

***3.*** Ag úsáid na léarscáile, tabhair ainmneacha **DHÁ** abhainn sa cheantar.

________________________________ agus ______________________________________ (4)

***4.*** Ag féachaint ar an bhfótagraf, cén fhianaise atá ann go n-úsáideann mórán daoine an Daingean mar bhunáit i gcomhair iascaireachta?

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________ (4)

***5.*** Cad a bheadh le fáil agat ag Q 462 001?

_____________________________________________________________________________ (4)

**6.** Tá turasóir a bhfuil suim aige/aici i **spóirt** agus sa **stair** ar cuairt sa Daingean.
Ag úsáid na léarscáile agus an fhótagraif, cad iad na gníomhaíochtaí a d'fhéadfá a mholadh dóibh a dhéanamh sa cheantar?

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________ (4)